



Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
January 2013

Uimhir Lárionaid

71

Uimhir larrthóra

Tíreolaíocht
Aonad Measúnaithe AS 1
ag measúnú
Tíreolaíocht Fhisiceach
[AG111]



DÉ LUAIN 14 EANÁIR, IARNÓIN

AM

1 uair 30 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Roinn A: ní mór d'iarrthóirí an roinn seo a fhreagairt.

Roinn B: freagair **gach ceann** de na **trí** cheist sa roinn seo.

Roinn C: freagair dhá cheist ar bith ón roinn seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.

Ag deireadh an scrúdaithe seo ceangail achoimre do shaothair allamuigh agus an tábla sonrai go daingean den pháipéar seo ag úsáid an scoráin chomhaid atá curtha ar fail.

Don Scrúdaitheoir amháin

| Uimhir Ceiste | Marcanna |
|---------------|----------|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |

**Marc
iomlán**

Róinn A

Freagair an roinn seo

Achoimre ar shaothar allamuigh agus tábla sonraí a tugadh isteach

Ag deireadh an scrúdaithe ní mó iad seo a cheangal go daingean den pháipéar seo ag úsáid an scoráin chomhaid atá curtha ar fáil.

- 1 (a) Scrúdaigh **Áis 1A** thíos, ina bhfuil roinnt gnéithe tábhachtacha atá beartaithe ag dalta mar chuid den ullmhú le haghaidh saothar allamuigh.

Áis 1A



Foinse: Priomhscrúdaitheoir

Roghnaigh **ceann amháin** de na rudaí ar an liosta thusa agus pléigh an tábhacht **agus** an ról atá aige i do shaothar allamuigh.

[3]

| Scrúdaitheoir Amháin | Marcanna | Athmharc |
|-------------------------|----------|----------|
| | | |

- (b) Déan cur síos ar **mhodh** samplála **amháin** a d'úsáid tú nó a bheartaigh tú a úsáid i do shaothar allamuigh agus déan measúnú air.

[6]

| Scrúdaitheoir Amháin | Marcanna | Athmharc |
|-------------------------|----------|----------|
| | | |

(c) (i) Roghnaigh **ceann amháin** de na teicníci staitistiúla seo a leanas a d'fhéadfai a úsáid le hanailís a dhéanamh ar chuid de do shonraí nó ar do shonraí uilig. Ní mór don teicníc atá roghnaithe agat a bheith ábhartha do chuspóir do shaothair allamuigh.

- Rang-Chomhghaoúcháin Spearman
- Anailís Luachanna Garchóngais
- Meán, Airmheán, Mód **agus** Raon

Comhlánaigh an anailís staitistiúil atá roghnaithe agat agus taispeáin gach áireamh go soiléir sa bhosca ar an chéad leathanach eile. Má tá sé ábhartha, déan trácht ar leibhéal suntais staitistiúil an toraidh.

(Tá graif shuntais agus foirmlí curtha ar fáil – **Áis 1B** agus **Áis 1C**). [7]

| Scrúdaitheoir Amháin | Marcanna | Athmharc |
|----------------------|----------|----------|
| | | |

An Teicníc atá Roghnaithe agat: _____

Áis 1B

Cothromóid Shéan an Chóngair is Gaire

Foirmle:


$$R_n = 2\bar{d} \sqrt{\frac{n}{A}}$$

áit a bhfuil \bar{d} = an meánfhad idir na cóngair is gaire

n = líon na bpointí

A = an t-achar atá i gceist

Graf Suntais Innéacs an Chóngair is Gaire



Ais 1C


Cothromóid Rang-Chomhghaolúcháin agus Cairteacha Suntais Spearman

Foirmle:

$$r_s = 1 - \left(\frac{6\sum d^2}{n^3 - n} \right)$$

áit a bhfuil d = an difear i rang atá ag na luachanna de gach péire comhoiriúnaithe
 n = líon na bpéirí rangaithe
 Σ = suim

Tábla agus Graf Suntais Rang-Chomhghaolúcháin Spearman



Céimeanna saoirse [Líon na bpéirí rangaithe (n) – 2]

Luachanna criticiúla Chomhéifeacht Rang-Chomhghaolúcháin Spearman, r_s

Leibhéal suntais

| céimeanna saoirse | 0.05 (5%) | 0.01 (1%) |
|-------------------|-----------|-----------|
| 4 | 0.88 | 1.00 |
| 5 | 0.83 | 0.96 |
| 6 | 0.80 | 0.91 |
| 7 | 0.77 | 0.87 |
| 8 | 0.72 | 0.84 |
| 9 | 0.68 | 0.80 |
| 10 | 0.64 | 0.77 |
| 11 | 0.60 | 0.74 |
| 12 | 0.57 | 0.71 |
| 15 | 0.50 | 0.65 |
| 20 | 0.47 | 0.59 |
| 25 | 0.44 | 0.54 |

- (ii) Ag tagairt do theoiric nó do choincheapa **tíreolaíochta** ábhartha, tabhair míniú ar do thoradh staitistiúil. (**Níor chóir** achoimre ar shuntas staitisticí a chur ann.)

[6]

- (d) Déan scrúdú ar **Áis 1D** a léiríonn liosta tosca a chuir dalta le chéile agus í ag déanamh measúnaithe ar shaothar allamuigh.

Áis 1D



Foinse: Príomhscrúdaitheoir

| Scrúdaitheoir Amháin | Marcanna | Athmharc |
|-------------------------|----------|----------|
| | | |

Roghnaigh **dhá cheann** de na tosca agus mínígh an tionchar a bhi acu ar do thorthaí **agus** ar na tátail a bhí agat ó thaobh tíreolaíochta de.

[8]


| Scrúdaitheoir Amháin | Marcanna | Athmharc |
|-------------------------|----------|----------|
| | | |

Roinn B

Freagair gach ceann de na 3 cheist sa roinn seo.

- 2 (a) Déan staidéar ar **Áis 2A** a léiríonn dhá abhantrach atá cosúil lena chéile ó thaobh méide de ach atá difriúil lena chéile ó thaobh rilífe de.

Áis 2A



© The COMET Program / 1997-2013 University Corporation for atmospheric Research. All Rights Reserved

Ag tagairt d'Áis 2A, déan cur síos agus tabhair míniú ar an dóigh a bhféadfadh rilíf tionchar a imirt ar rith chun srutha agus ar chruth hidreagraf na stoirme.


[4]

- (b) Déan cur síos ar thoisci amháin a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an ráta ar a mbíonn abhainn ag creimeadh.

[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|-------------------------|----------|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

- (c) Déan staidéar ar **Áis 2B**. Léiríonn sí meánlíon an daonra atá i mbaol tuithe agus meánlíon na mbásanna a bhí bainteach le tuithe i roinnt tíortha idir na blianta 1980 agus 2000.



- (i) Déan cur síos ar an ghaolmhaireacht atá á thaispeáint in **Áis 2B**.

[4]


- (ii) Agus tagairt á déanamh agat do do chás-staidéar ar abhantrach mórscála nó ar an deilt atá aici, déan cur síos ar dhóigh **amháin** a dtéann tuitte chun tairbhe do **dhaoine**.

[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | Marcanna | Athmharc |
|-------------------------|----------|----------|
| | | |

- 3 (a) Déan staidéar ar **Áis 3**. Taispeánann sí na hathruithe i bpobail fásra i gcomharbas príomhúil fásra ar charraig lom.

Áis 3



© TutorVista.com. reproduced by permission of Pearson India

- (i) Maidir le comharbas plandaí de, roghnaigh na lipéid is cuí do Chéimeanna A agus B ar **Áis 3** ón liosta thíos.

- Séir
- Pobal Téisclime
- Fásra na Forchéime Aeráide
- Fásra na Plagfhorchéime
- Comharbas Tánaisteach

A _____

B _____

[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|----------------------|----------|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

- (ii) Luáigh **3** athrú i dtréithe an fhásra le himeacht ama.

[3]

| Scrúdaitheoir Amháin | Marcanna | Athmharc |
|-------------------------|----------|----------|
| | | |

- (iii) Tabhair míniú ar **dhá** athrú **aibitheacha** a tharlaíonn i gcomharbas fásra ar bith.


[4]

- (b) Mínigh an ról atá ag **dianscaoilteoirí** sa chás-staidéar ainmnithe agat ar éiceachóras mionscála.

[3]

- 4 (a) Déan staidéar ar **Áis 4A** a léiríonn an beartán céanna d'aer ar 3 theocht éagsúla (atá á dtaispeáint mar Bhoscaí **A**, **B** agus **C**).

Áis 4A



© The COMET Program / 1997-2013 University Corporation for atmospheric Research. All Rights Reserved.

- (i) Déan cur síos agus tabhair míniú ar an bhaint idir teocht an aeir agus an leibhéal saithithe atá ann.

[3]

- (ii) Mínigh cad chuige ar dóchúla go mbeadh néalta agus deascadh i mBosca C.

[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | Marcanna | Athmharc |
|-------------------------|----------|----------|
| | | |

- (b) Pléigh an tábhacht atá leis an ghaoth maidir le traschur fuinnimh dhomhanda agus tabhair míniú ar thoisc **amháin** a imríonn tionchar ar threo na ngaoth domhanda.

[4]

- (c) Déan staidéar ar **Áis 4B**, ina bhfuil tábla a léiríonn cuid de na héagsúlachtaí idir lagrach meán-domhanleithid agus frithchioclón. Comhlánaigh an tábla trí 3 éagsúlacht eile idir an dá chóras aimsire a chur isteach.

Áis 4B

| | Lagrach | Frithchioclón |
|---|---|--|
| 1 | Bíonn an ghaoth ag séideadh tuathal. | Bíonn an ghaoth ag séideadh deiseal. |
| 2 | Bíonn lagbhrú ann ar dhromchla an talaimh. | Bíonn ardbhrú ann ar dhromchla an talaimh. |
| 3 | Bíonn na hiseabair cóngarach dá chéile ar chairt shionoptach. | Bíonn na hiseabair spréite amach go leitheadach ar chairt shionoptach. |
| 4 | | |
| 5 | | |
| 6 | | |

[3]

| Scrúdaitheoir Amháin | Marcanna | Athmharc |
|----------------------|----------|----------|
| | | |

Roinn C

Freagair aon **dá** cheist sa roinn seo.

- 5 Úsáid léaráidí anótáilte agus mínigh na próisis abhann a bhaineann le leibhéanna abhann nádúrtha **agus** deilteanna a fhoirmiú. [12]
- 6 Agus tagairt á déanamh agat do do chás-staidéar ar limistéar féaraigh sna lár-dhomhanleithid, déan cur síos agus déan measúnú ar na modhanna caomhnaithe ithreach atá in úsáid leis an éiceachóras seo a bhainistiú. [12]
- 7 Úsáid léaráid anótáilte agus déan cur síos ar struchtúr ginearálta hairicíní agus mínigh na coinníollacha atá riachtanach lena bhfoirmiú. [12]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|----------------------|----------|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

Uimhrigh na freagraí go soiléir

Uimhrigh na freagraí go soiléir

Uimhrigh na freagraí go soiléir

Uimhrigh na freagraí go soiléir

Uimhrigh na freagraí go soiléir

Uimhrigh na freagraí go soiléir

Uimhrigh na freagraí go soiléir

Uimhrigh na freagraí go soiléir

Uimhrigh na freagraí go soiléir

Uimhrigh na freagraí go soiléir

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.